


Leanaí Tréitheacha a Thuiscint.

An Dr. Colm O'Reilly
Stiúrthóir, Lárionad na hÉireann don Óige Thréitheach (CTYI)
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



Arna fhoilsiú ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) mar alt don Lámhleabhar Scoile um Threoir

Clár an Ábhair

Achoimre.....	3
Eochairfhocail	3
Réamhrá	4
Tréitheacht a shainmhíniú.....	4
Saintréithe Leanaí Tréitheacha	6
Leanaí eisceachtúla faoi dhó.....	7
An gá le Scoláirí Tréitheacha a Aithint.....	7
Scoláirí Tréitheacha agus Treoirchomhairleoireacht	8
Tearcghnóthachtáil agus ilacmhainneacht	9
Fadhbanna féideartha do scoláirí tréitheacha.....	10
Aisioncronacht	10
Caidreamh le Piaráí.....	10
Foirfeachtachas	11
Dul i Riosca a Sheachaint	11
Féincháineadh Iomarcach	11
Cláir do Leanaí Tréitheacha in Éirinn.....	11
Acmhainní eile	13
Achoimre ar na príomhphointí a rinneadh	14
Conclúid.....	15
Tagairtí.....	16

Achoimre

San alt seo tugtar cur síos ar riachtanais leanaí tréitheacha ó thaobh dearcadh na dtreoirchomhairleoirí de. Go minic bíonn tearcghnóthachtáil ag scoláirí tréitheacha ar scoil mar thoradh ar a bhfrustrachas leis an gcóras nó mar thoradh ar an easpa deiseanna chun ligean dóibh a gcumas a fhorbairt. Tugann an t-alt seo deis do threoirchomhairleoirí agus oideoirí cur lena dtuiscint ar leanaí tréitheacha chun freastal níos fearr a thabhairt dóibh i dtimpeallacht scoile. Clúdfar réimsí amhail sainmhíniú ar thréitheacht, conas scoláire tréitheach a aithint, fadhbanna a bhíonn ag scoláirí tréitheacha agus cláir do scoláirí tréitheacha in Éirinn.

Eochairfhocail

Tréitheach, Eisceachtúil faoi dhó, Luathú, Tearcghnóthachtáil

Réamhrá

Féachfaidh an t-alt seo ar obair le scoláirí tréitheacha ó thaobh na dtreoirchomhairleoirí de. Cé go bhfuil breis agus 30,000 scoláire tréitheach laistigh de chóras oideachais na hÉireann is grúpa iad a ndéantar faillí iontu sa chreat iomlán. Tarlaíonn sé seo mar thoradh ar an argóint cé acu an ionann bheith tréitheach agus riachtanas speisialta oideachais a bhéith agat. At thaobh amháin den argóint seo tá na daoine sin a chreideann go bhfuil an curaclam agus an córas oideachais atá ann cheana go breá mar atá agus go bhfuil siad ceaptha le cuidiú le scoláirí tréitheacha borradh sa chaoi is nach bhfuil aon chúnaimh speisialta de dhíth orthu chun barr a gcumais a bhaint amach. Ach déarfaidh siad siúd atá ag áiteamh ar son na scoláirí tréitheacha gur sainmhíniú an-chaol é sin ar cad is scoláire tréitheach ann agus creidfidh siad go bhfuil gá le leasuithe suntasacha ar an gcuraclam agus ar an ngarthimpeallacht chun frestail ar riachtanais na scoláirí seo.

Féachfaidh an t-alt seo ar ghnéithe tábhachtacha den tréitheacht a bheidh úsáideach do threoirchomhairleoirí má bhíonn orthu comhairle a chur ar na scoláirí seo maidir le gnéithe ar bith dá scolaíocht. Féachfaidh an t-alt ar shainmhínithe ar thréitheacht, na saintréithe a bhíonn ag leanáí tréitheacha agus leanáí tréitheacha a mbíonn riachtanais speisialta oideachais acu freisin. Scrúdófar freisin an gá le scoláirí tréitheacha a aithint agus, an rud is tábhachtaí, ceisteanna a bhaineann le scoláirí tréitheacha agus an treoirchomhairleoireacht. Áireoidh sé seo réimsí amháin an tearcghnóthachtáil agus ilacmhainneacht agus freisin fadhabann a bhíonn ag leanáí tréitheacha ar scoil agus sa bhaile. Mar chríochm féachfaidh an t-alt ar chlár tréitheachta in Éirinn agus acmhainní atá ar fáil do scoláirí.

Tréitheacht a shainmhíniú

Ceann de na fadhbanna is mó sa réimse seo is ea gur beag comhaontú atá ann maidir le sainmhíniú ar thréitheacht. Ar leibhéal amháin, tarlaíonn sé seo mar thoradh ar na scoileanna smaointeoireachta éagsúla laistigh den díospóireacht maidir le dúchas agus oiliúint. Tá tuairimí éagsúla ann cé acu an rud é an intleacht a fhaightear go géiniteach nó cé acu an táirge de chuig na timpeallachta í (Carroll, 1993; Gardner, 1983; Jensen, 1998; Jensen, 1998; Sternberg, 1985). Ina theanta sin tá tuairimí éagsúla ann cé acu an bhfanann IQ (sainuimhir intleachta) seasmhach thar saol duine nó, go deimhin, cé acu an bealach cuí é IQ chun intleacht a thomhas. Mar chríoch, tá easaontú ann faoi na teorainneacha le húsáid má tá an lipéad tréitheach le cur ar leanbh. Deir saineolaithe éagsúla gur féidir leis seo titim áit ar bith idir an 1% uasta agus an 15% uasta den daonra. Foilsíodh an sainmhíniú Éireannach is déanaí sna dréacht-treoirlínte ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta – CNCM (NCCA, 2007). Baintear úsáid as an téarma cumasach eisceachtúil sna treoirlínte chun cur síos a dhéanamh ar scoláirí a mbíonn deiseanna don saibhriú agus don bhfairsingiú de dhíth orthu a théann níos faide ná na cinn a chuirtear ar fáil do chohórt ginearálta na scoláirí. Creideann CNCM go bhféadfaidh thart ar 5-10% den daonra scoile bheith cumasach eisceachtúil agus leibhéil an-ard de ghnóthachtáil a léiriú i sé raon a liostaítear mar seo a leanas: cumas nó tallann intleachtúil ginearálta; cumas nó tallanna acadúil ar leith; amharcealaíona agus taibh-ealaíona agus spóirt; cumas ceannaireachta; smaointeoireacht chruthaitheach agus tháirgiúil; intleachtacht mheicniúil; agus cumais speisialta san ionbhá, tuiscint agus idirbheartaíocht.

Léirigh athbhreithniú a rinne múinteoirí agus príomhoidí scoile ar na treoirlínte seo ina dhiaidh sin (NCCA 2008) gur mó a chuidigh siad le bainistíocht scoile agus múinteoirí iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí scoil i dtaca le leanaí tréitheacha. Ach léirigh an t-aiseolas freisin nach dtugann na treoirlínte dóthain tacaíochta chun ligean do mhúinteoirí idirdhealaú a dhéanamh sa churaclam.

Tá comhaontú ann i gcoitinne i measc na bpáirtithe leasmhara go bhfuil sé de chumas ag scoláirí atá tréitheach feidhmiú ag leibhéal níos airde ná mar a mbeifí ag súil leo ag an aois atá acu. Aontaíonn formhór na saineolaithe (Benbow & Stanley, 1983; Kulik, 2003; Moon, 1995; Olszewski-Kubilius, 1989) go dtiteann leanaí tréitheacha i gcatagóir na riachtanas speisialta oideachais toisc go mbíonn riachtanais oideachais acu atá difriúil leis na cinn a bhíonn ag pobal i gcoitinne. Mar a deir VanTassel-Baska (2003, lch.174):

“Bíonn riachtanais foghlama éagsúla ag foghlaimeoirí tréitheacha i gcomparáid le foghlaimeoirí tipiciúla. Mar sin, ní mór curaclaim a leasú nó a dhearadh chun freastal ar na riachtanais seo.”

I gcomhthéacs Éireannach, áfach, de ghnáth ní rangáítear scoláirí tréitheacha mar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá fadhbanna ann freisin maidir leis cé acu an mbaineann tréitheacht ar fud na n-ábhar go léir nó cé acu an mbaineann sé le cumas ábhair. Go stairiúil, lorg Spearman (1904) trialacha impiriciúla idir trialacha meabhracha éagsúla agus tomhais ar fheidhmíocht scoile. Bhí comhghaolta láidre idir neart de na trialacha seo, a raibh an chuma orthu go raibh siad an-éagsúil óna chéile. Tharraing sé ó eagair de chomhghaolta trialacha fachtóir ar a dtugtar “g” a d’aithin sé mar an rud uilíoch sin a bhíonn ag gach duine, i méideanna éagsúla, atá freagrach as éagsúlachtaí aonair i scóir trialacha agus feidhmíocht acadúil. Breathnaíodh ar “g” mar shiombal ar intleacht ghinearálta. Tugadh scoláirí tréitheacha ar na scoláirí sin a ghnóthaigh os cionn an mheáin i dtrialacha IQ. Rud atá tábhachtach, is tomhas inchainníochtúil é seo, ní tomhas incháilíochtúil. Measadh gur bhealach leis an múnla seo a úsáid é scoláirí a ghrúpáil i ranganna speisialta ag gluaiseacht faoi ráta luathaithe níos doimhne agus ar leibhéal níos doimhne (féach Feldhusen, 1991; Olszewski-Kubilius, 2003; Stanley, 1979).

Féachann teoiricí tréitheachta níos nua-aimseartha ar an tréitheacht ó dhearcadh eile. Bhí Sternberg ar cheann de na daoine ba thúisce a chuir an cheist cé acu an bhfuil IQ ina tháscaire iontaofa ar intleacht. D’fhorbair sé an múnla *Triarchic Theory of Intelligence* (1985). D’fhéach teoiric Sternberg freisin ar an timpeallacht i dtaca le teoiric na tréitheachta. Creideann Sternberg go mbíonn rath intleachtúil mar thoradh ar an mbealach ina ndéanann siad timpeallachtaí a chuíchóiriú, a mhúnlú agus a roghnú. Seo rud nach dtomhastar i dtrialacha IQ traidisiúnta. Le déanaí, tá tagairt déanta aige do thrí chineál éagsúla intleachta: anailíseach, cruthaitheach agus praiticiúil agus thug sé le fios go raibh tréitheacht nachta le rath sa saol.

Is é an saothar is mó a tugadh poiblíocht dó le blianta beaga anuas an saothar a rinne Howard Gardner, a mhol an teoiric go mbíonn aonaid soiléire d’fheimiú meabhrach ag an duine, ar a dtugann siad “intleachtaí”. Maíonn sé freisin go mbíonn a dtacair shonrach féin de chumais ag na hintleachtaí scartha seo, agus is féidir iad sin a bhreathnú agus a thomhas. Mhol Gardner (1983) coincheap d’intleachtaí iolracha lena n-áirítear intleacht teangeolaíoch, loighciúil/matamaiticiúil, spásúil, ceoil, corpartha-cinéistéiseach, idirphearsanta agus inphearsanta. Ina dhiaidh sin, chuir se intleachtaí nádúraíocha, spioradálta agus eiseacha leo (Gardner, 1999).

Ciallaíonn sé seo ar fad go bhfuil réimse oideachais na tréitheachta ag athrú. Tá ceisteanna ann cé acu an tomhas iontaofa é IQ chun glacadh le scoláirí ar chláir tréitheachta. Tá an tairim ann freisin gur dóichí go mbeadh intleacht atá sainiúil d'ábhar ag scoláirí, seachas intleacht leathan ghinealálta. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh treoirchomhairleoirí nach iad siúd amháin a fhaigheann scór 100% ina dtrialacha go léir ar scoil atá ina scoláirí tréitheacha. Léirigh saothar Gardner agus Sternberg go bhfuil cineálacha éagsúla intleachta ann agus ní mór do scoileanna a sainmhíniú ar thréitheacht a leathnú d'fhonn na scoláirí seo a aithint. Tá sé tábhachtach freisin a mheabhú nach mbíonn intleacht seasta thar saol an duine agus mura dtugtar deiseanna do scoláirí tréitheacha dúshlán a bheith rompu b'fhéidir go mbeidh deacracht acu barr a gcumais a bhaint amach.

Saintréithe Leanaí Tréitheacha

Bíonn saintréithe uathúla ag neart leanaí tréitheacha a chuidíonn linn iad a aithint mar leanaí tréitheacha. Ón luathóige b'fhéidir go mbeidh comharthaí luatha tréitheachta á léiriú ag leanaí a bhfuil stór focal leathnaith acu nó a bhfuil an-fhiosracht acu faoin gcaoi ina n-oibríonn rudaí. Níl saintréithe eile chomh follasach sin, áfach, rud a fhágann go bhfuil sé deacair leanaí tréitheacha a aithint i neart suíomhanna, lena n-áirítear scoil. Tá sé úsáideach do threoirchomhairleoirí bheith ar an eolas agus bheith ábalta saintréithe na tréitheachta a aithint a d'fhéadfaí a úsáid chun cuidiú leis an múinteoir ranga. Luann Clark (1988) roinnt saintréithe ginearálta de leanaí tréitheacha.

(Is fachtóirí tipiciúla iad seo a luann údarais oideachais mar thréithe tréitheachta. Gan amhras, níl aon leanbh sármhaith i ngach saintréith.)

1. Léiríonn siad cumhachtaí ardleibhéil réasúnaithe agus cumas cruthanta le smaointe a láimhseáil; is féidir leo ginearálú go héasca ó fhíricí sonracha agus i féidir gaoil chaolchúiseacha a fheiceáil; tá cumas fadhbréitigh den scoth acu.
2. Léiríonn siad fiosracht intleachtúil leanúnach; cuireann grinncheisteanna; léiríonn spéis eisceachtúil i nádúr an duine agus na cruinne.
3. Tá raon leathan d'ábhair spéise acu, go minic den sort intleachtúil; forbraíonn siad ábhar spéise amháin nó níos mó go domhain.
4. Tá siad níos fearr go mór sa cháilíocht agus méid an stór scríofa agus/nó labhartha; tá suim acu i mionsonraí na bhfocal agus a n-úsáid.
5. Léann siad gan stad agus léann siad leabhair oiriúnach do dhaoine i bhfad níos sine.
6. Foghlaimíonn siad go tapa agus go héasca agus coinníonn siad a bhfuil foghlamtha acu; cuimhníonn siad ar shonraí, coincheapa agus prionsabail tábhachtacha; tuigeann siad go réidh.
7. Léiríonn siad tuiscint ar fhadhbanna uimhríochta a éilíonn réasúnú cúramach agus tuigeann siad coincheapa mhatamaiticiúla go réidh.
8. Léiríonn siad cumas cruthaitheach nó léiriú samhlaíoch i nithe amhail ceol, ealaín, damhsa, drámaíocht; léiríonn siad mothálacht agus caolchúis sa rithim, gluaiseacht, agus rialú coirp.
9. Coinníonn siad aird ar feadh tréimhsí fada agus léiríonn siad freagracht agus neamhspleáchas den scoth in obair ranga.
10. Leagann siad síos ardchaighdeán réalaíochta dóibh féin; tá siad féinchriticiúil sa mheasúnú agus ceartú ar a n-iarrachtaí féin.

11. Léiríonn siad tionscnaíocht agus úrnuacht in obair intleachtúil; léiríonn siad solúbthacht sa smaointeoireacht agus déanann siad machnamh ar fhadhbanna ó roinnt dearchtaí éagsúla.
12. Breathnaíonn siad go géar agus tá siad freagrúil do smaointe nua.
13. Léiríonn siad grástúlacht shóisialta agus an cumas le cumarsáid a dhéanamh le haosaigh ar bhealach aibí.
14. Baineann siad taitneamh agus pléisiúr as dúshlán intleachtúil; léiríonn siad féith an ghrinn atá beo agus caolchúiseach.

Leanaí eisceachtúla faoi dhó

Le blianta beag anuas tá méadú tagtha ar líon na scoláirí a mheastar a bheith eisceachtúil faoi dhó, rud ar a **eisceachtúlacht dhúbailte** ar freisin. Aithnítear scoláirí dá leithéid mar scoláirí tréitheacha ach is féidir míchumas de chineál éigin a bheith orthu freisin. Féadfaidh leanaí bheith tréitheach nuair a bhíonn deacracht foghlama nó míchumais coirp orthu freisin, laguithe amhairc, éisteachta nó labhartha, neamhord de chuid speictream an uathachais nó míchumais mhothúchána.

Is iad na cineálacha is coitianta den eisceachtúlacht dhúbailte scoláirí tréitheacha le Disléicse, Diospraicse, Neamhord Easnamh Airde (ADD) agus Siondróm Asperger. Féadfaidh cásanna de mhíchumas amhairc agus éisteachta bheith ann freisin.

Tá sé an-deacair leanaí atá eisceachtúil faoi dhó a aithint agus is féidir iad a mhíthuiscint laistigh den chóras oideachais. Go minic tá an chuma orthu gur ‘leanaí éirimiúla’ iad nach bhfuil ag déanamh a ndícheall nó gur leanaí le deacrachtaí foghlama iad nach bhfuil cumas eisceachtúil ar bith acu. Sna cásanna seo tá éifeacht ceilte ann ina bhfágann tréitheacht an linbh go bhfuil sé deacair an deacracht foghlama a fheiceáil agus ina bhfágann easnamh an linbh go bhfuil sé beagnach dodhéanta an tréitheacht a aithint. Sa chás seo, féadfaidh an-fhuistrachas a bheith ar an leanbh toisc go mbreathnaítear orthu uaireanta mar leanaí ‘leisciúla’ nó ‘míchúramacha’ ach le fírinne tá siad ag obair chomh dian sin nach féidir leis an múinteoir an deacracht foghlama a fheiceáil. Dá bhrí sin, féadfaidh leanaí atá eisceachtúil faoi dhó neart féinmhuinína a chailleadh toisc go meastar nach bhfuil siad go maith ag rud ar bith cé go bhféadfaidh ardchumas a bheith acu

Téann na scoláirí seo i gcoinne smaoinemh na 'tréitheachta domhanda', nath a chuireann cumas nó tallann sna réimsí acadúla uile in iúl. Leanaí atá tréitheach agus a bhfuil deacracht foghlama acu freisin, léiríonn siad tallainn agus láidreachtaí suntasacha i réimse amháin agus laigí míchumasacha i gcinn eile. Go minic déantar teacraitheantas ar na leanaí seo i bpobail tréitheacha agus tallannacha. De ghnáth aithnítear iad ag síceolaí oideachais agus baineann siad an-tairbhe as freastal ar chláir tréitheachta trí dheis a fháil díriú ar na rudaí a bhfuil siad go maith acu seachas ar a ndeacracht foghlama.

An gá le Scoláirí Tréitheacha a Aithint

Tionscnamh is ea PISA (an Clár um Measúnú Idirnáisiúnta) de chuid OECD (an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta). Cuireadh i bhfeidhm ar dtús é sa bhliain 2000, agus scrúdaíonn sé cé chomh mór agus atá scoláirí ó thíortha éagsúla atá páirteach ábalta inniúlachtaí tábhachtacha a léiriú sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht (Cosgrave, Shiel, Sofroniou, Zastrutski & Short, 2005; OECD, 2001; OECD, 2004). Mar thoradh ar rannpháirtíocht na hÉireann i PISA bíonn tráchttaireacht forleathan náisiúnta sna

meáin ar thátail agus torthaí. Tagann ceann de phríomhchuspóirí le rannpháirtíocht na hÉireann le PISA ón deacrachadh gur chóir cothromaíocht a bhaint amach i dtorthaí oideachais a léiríonn fealsúnacht chothromaíoch na tíre. Dá bhrí sin, bíonn fócas níos mó ar chúiseanna a lorg le gnóthachtáil íseal seachas díriú ar thorthaí na scoláirí a mbíonn ar dghnóthachtáil acu. Ar aon nós, níl na torthaí ó PISA 2012 chomh dóchasach sin ó thaobh na hÉireann de i dtaca le scoláirí tréitheacha. Tá Meánscór na hÉireann sa Mhatamaitic Chlóite de 501.5 níos airde go suntasach ná an meán thar tíortha OECD. Ach tá Meánscóir de 609.8 agus 639.6 agus scoláirí ag an 90ú agus 95ú peircintíl in Éirinn, atá níos ísle go suntasach ná a gcomhghleacaithe i dtíortha OECD inchomparáide eile seachas an Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann agus na Stáit Aontaithe.

Ina theannta sin, in Éirinn níl ach 10.7% de scoláirí ag feidhmiú ag na leibheil inniúlachta níos airde (ag/os cionn Leibhéal 5) sa Mhatamaitic. Níl sé seo inchurtha leis an nGearmáin agus an Pholainn ag 17.5% agus 16.7% faoi seach agus leis an tSín ina bhfuil 55.4% de scoláirí ag feidhmiú ag Leibhéal 5 nó os a chionn sa Mhatamaitic. Leanann an treocht san Eolaíocht ina bhfuil 10.8% de scoláirí na hÉireann ag feidhmiú ar Leibhéal 5 nó as a chionn i gcomparáid leis an nGearmáin (12.2%), an Fhionlainn (17.1%) agus an tSín (27.2%). I dtaithí an údair d'fhéadfadh feidhmíocht íseal a bheith nasctha leis an easpa acmhainní atá ar fáil do scoláirí tréitheacha ar leibhéal na scoile. Cé go ndéanfaidh roinnt scoileanna a ndícheall chin acmhainní a sholáthar do scoláirí ardchumais trí churaclaim idirdhealaithe i gníomhaíochtaí ranga agus gníomhaíochtaí i ndiaidh scoile, i dtaithí an údair i bhformhór na gcásanna níl aon soláthar sonrath ann do na scoláirí seo ar leibhéal na scoile. Sa timpeallacht seo ní bhainfidh na leanaí seo amach barr an chumais atá go follasach acu.

Baineann ceann de na fadhbanna leis an scéal gur beag soláthar nó nach bhfuil soláthar ar bith ann laistigh de chlár oiliúna do mhúinteoirí chun obair go sonrath le scoláirí tréitheacha. Tá an bhéim ar scoláirí ar an taobh eile den speictream a bhfuil riachtanais oideachais éagsúla acu. I bhfianaise nach bhfuil aon soláthar ann do mhúinteoirí riachtanas speisialta le hobair le scoláirí tréitheacha ansin is beag spreagadh atá ann do mhúinteoirí faoi oiliúint teicnící a fháil chun obair le scoláirí tréitheacha toisc gur beag acmhainní a bheidh ar fáil ag na scoileanna nuair a thosaíonn siad ag teagasc.

Scoláirí Tréitheacha agus Treoirchomhairleoireacht

I staidéar Meiriceánach a rinneadh le déanaí ar chúrsaí coláiste sa treoirchomhairleoireacht scoil (Peterson, 2011) is beag fianaise a bhí ann oiliúint ar bith sna saintréithe, fírbairt shóisialta nó mhothúchánach nó riachtanais comhairleoireachta a bhíonn ag scoláirí ardchumais. Is cosúil gurb é an dearcadh atá i réim nach mbíonn gá ag scoláirí éirimiúla do threoirchomhairleoirí do mhórán de rud ar bith, toisc go bhfuil siad éirimiúil go leor chun rudaí a dhéanamh amach dóibh féin. Ar an drochuair, is cosúil go bhfuil an dearcadh seo forleathan go maith. Dar le Lovecky (1993) agus Peterson (2003), is é an miotas atá coitianta i measc oideoirí, comhairleoirí, síceolaithe scoile, agus fiú gairmeoirí meabhairshláinte, nach bhfuil aon treoir bhreise nó cúnaimh speisialta de dhíth ar scoláirí tréitheacha agus tallanacha mar thoradh ar a gcumais ardleibhéil. Chreidfeadh an t-údar gur féidir go bhfuil an staid seo ann in Éirinn le scoláirí archumais a fheidhmíonn go maith ar scoil á spreagadh le cur isteach ar na cúrsaí a bhfuil na pointí is airde ag gabháil leo. Is féidir le cúrsaí amhail Leigheas agus Dlí a bheith tarraingteach do scoláirí ardchumais ach creidean an t-údar gur minic a spreagtar scoláirí tréitheacha le cur isteach ar na cúrsaí seo de bharr na bpointí arda a ghabhann leo.

Dearbhaigh Cross (2004) agus Silverman (1993) freisin go bhfuil luach as cuimse ag cláir comhairleoireachta onnghníomhacha do scoláirí tréitheacha agus tallannacha de bharr na n-éifeachtaí dearfacha ar a bhforbairt shíceolaíoch agus shóisialta agus toisc gur féidir le tacaíocht agus treoir cuidiú leis na scoláirí seo a mbealach a dhéanamh trí chóras oideachais nach bhfuil ceaptha lena rath a uasmhéadú nó a chur chun cinn.

Féadfaidh deacrachtaí sóisialta agus mothúchána bheith ann mar thoradh ar fhorbairt éagothrom ag leanaí tréitheacha, ina mbíonn scoláirí chun tosaigh ó thaobh na hacadúlachta de ach ag feidhmiú go sóisialta ar an leibhéal céanna lena bpiaraí aoise. is féidir leis seo bheith ina chúis le fadhbanna sna déaga. Go hacadúil, bíonn deifear idir inniúlachtaí acadúla scoláirí tréitheacha ó thaobh cainníochta agus cáilíochta de agus inniúlachtaí leanaí meánacha (Cottrel & Shaughnessy, 2005). Foghlaimíonn siad ag luas níos tapúla, déanann siad smaointeoireacht nó próiseáil níos doimhne, agus bíonn níos lú athrá nó lceachtas de dhíth orthu chun dul i ngleic le hábhar a shanntar dóibh agus, mar sin, is mó an dúshlán oideachais atá de dhíth orthu ina n-obair chúrsa (Coleman & Cross, 2001; Silverman, 2002; VanTassel-Baska, 1998).

Ma fhágtar gan dúshlán acadúil iad, áfach, is féidir leis na scoláirí seo éirí dubh dóite agus iompraíochtaí trioblóideacha a léiriú. Mar thoradh ar easpa spriocanna, inspreagadh nó treo, agus teip ar straitéisí féinrialaithe a fhorbairt, féadfar drochthionchar a imirt ar fheidhmíocht acadúil scoláirí ardchumais, ar chúiseanna éagsúla (Siegle & McCoach, 2002). Féadfaidh foghlaimoirí tréitheacha agus tallannacha a mhothú freisin go bhfuil brú orthu cloí le súilíochtaí na dtuismitheoirí, na múinteoirí, agus na n-aosach suntasach eile ina saol agus b'fhéidir go mbeidh faitíos orthu roimh an teip, go mothóidh siad frustrachas, agus go mbeidh tearcghnóthachtáil acu ar scoil (Schuler, 2002; Silverman, 1993).

Is féidir le treoirchomhairleoirí a bheith tacúil trí mhéadú ar a bhfeasacht ar riachtanais acadúil agus sóisialta scoláirí tréitheacha. Tús maiith is ea ailt mar seo a léamh ach ba chóir do threoirchomhairleoirí leas a bhaint as aon deiseanna chun tuilleadh eolais a fháil faoi scoláirí tréitheacha trí oiliúint inseirbhíse nó trí fhreastal ar chomhdhála a bhaineann leis an réimse seo.

Tearcghnóthachtáil agus ilacmhainneacht

Is iomaí cúiseanna atá ann nach mbainfeadh scoláirí ardchumais amach barr a gcumais. Sa rannóg seo a leanas pléifear dhá cheann de na príomhchúiseanna go bhféadfadh a leithéid tarlú. Áirítear anseo tearcghnóthachtáil, nuair nach ndéanann scoláire tréitheach gnóthachtáil atá ag teacht lena leibhéal cumais, agus ilacmhainneacht, nuair a d'fhéadfadh cumas a bheith ag scoláire tréitheach i neart ábhar ach iad gan a bheith ábalta an réimse is mó sásaimh a aimsiú.

Tearcghnóthachtáil

Tá scoláirí tréitheacha i mbaol na tearcghnóthachtála, a shainmhínítear mar ghnóthachtáil scoile atá go suntasach faoina leibhéal cumais (Neihart et al., 2002). Sa chás seo feidmeoidh scoláirí i gcónaí níos ísle ná má atáthar ag súil leis.

Cén fáth a ndéanann scoláirí tréitheacha tearcghnóthachtáil?

- Scoiteacht shóisialta
- Brú le comhíonadh

- Easpa dúshláin chuí
- Dinimic teaghlaigh
- Deacrachtaí foghlama nó iompraíochta
- Easpa spriocanna agus treo

(Colangelo, Kerr, Christensen, & Maxey, 1993; Neihart et al., 2002; Peterson & Colangelo, 1996; Reis, 1998; Rimm, 1997).

Ilacmhainneacht

Féadfaidh scoláirí tréitheacha deacrachtaí a bheith acu le bheith go maith ag neart rudaí ach freisin, toisc iad a bheith éiginnte faoin cén treo gairme le leanúint, bíonn fadhbanna ann.

Thug Rysiew, Shore, agus Leeb (1998) cur síos ar chuid de na príomhbhuarthaí ag baint leis an réimse seo. Tá sé deacair do scoláirí a roghanna a chúngú go gairm amháin toisc go bhfuil an méid sin de roghanna cothroma acu. B'fhéidir go mbeidh na scoláirí seo thíos le foirfeachtachas freisin agus an ghairm fhoirfe á lorg acu. Is féidir le tuismitheoirí agus múinteoirí dul i gcion orthu ar bhealach diúltach trí iallach a chur orthu cúrsaí coláiste a roghnú atá nasctha le stádas agus leis an deis le hairgead mór a thuilleamh.

In athbhreithniú ar thaighde agus scríbhneoireacht ar fhorbairt gairme do scoláirí tréitheacha moltar na nithe seo a leanas do threoirchomhairleoirí. (Rysiew, Shore, & Leeb, 1998):

1. Cuir i gcuimhne do scoláirí nach gá dóibh iad féin a theorannú do ghairm amháin.
2. Bain úsáid as gníomhaíochtaí fóillíochta mar bhealach chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar réimsí inniúlachta agus spéise, taobh amuigh de ghairm duine.
3. Bain úsáid as treoirchomhairleoireacht gaire mar ghníomhaíocht bunaithe ar luach, ag fiosrú catagóirí leathana de shásamh saoil.
4. Leag béim ar phlé le piaraí agus obair ghrúpa le daoine óga ilacmhainneacha eile sa chaois is gur féidir leo a fheiceáil nach bhfuil siad ina n-aonar lena mbuairteanna.

Fadhbanna féideartha do scoláirí tréitheacha

Mar a bhíonn le scoláirí ar bith eile, féadfaidh scoláirí tréitheacha fadhbanna a bheith acu ar scoil i réimsí éagsúla. Sa roinn seo a leanas pléitear réimsí féideartha atá níos coitianta i scoláirí tréitheacha gur chóir do threoirchomhairleoirí bheith ag faire amach dóibh agus iad ag bualadh le scoláirí ardchumais.

Aisioncronacht

Baineann forbairt aisioncronach le scileanna intleachtúla á gcur chun cinn fhad is a bhíonn scileanna sóisialta agus luaile aoisoiriúnach (Silverman, 1993). Feiniméan is ea é seo a fheictear go háirithe le leanaí ardréitheacha. Chun cuidiú leis an gcoincheap seo a thuiscint, déanann Silverman idirdhealú idir riachtanais mhothúchánacha, forbairt mhothúchánach, agus anabaíocht mhothúchánach. Féadfaidh leanbh na riachtanais mhothúchánacha a bbheith acu atá oiriúnach dá n'aois, e.g., 4, acg feasacht mhothúchánach a bheith acu atá éagsúil ó thaobh cáilíochta de óna gcairde aoise mar thoradh ar fheasacht chognaíoch níos mó.

Caidreamh le Piaraí

B'fhéidir go mbeidh gá ag scoláirí tréitheacha le grúpaí piaraí éagsúla de réir a spéiseanna éagsúla. B'fhéidir gur fearr le daoine óga tréitheacha bheith i gcomhlúadar aosach nó leanaí

níos sine: de rogha air sin, seans go bhfaighidh siad faoiseamh i leabhair (Webb, 1993). Luann Delisle (1992) agus Silverman (1993) comhlíonadh agus ceilt tallann d'fhonn a bheith glactha, mar fhadhb. Ina theannta sin, dá ttréithí an leanbh, is ea is mó an teorainn le rogha na leanaí atá ar fáil chun cairdis a bhunú leo.

Foirfeachtachas

Go minic bíonn ard-ionchais ag leanaí tréitheacha dóibh féin toisc go bhfuil siad ábalta idéal a fheiceáil chomh maith le mian a ghabhann leis chun an t-idéal sin a bhaint amach (Webb, 1993). An scoláire a thuigeann cáilíocht, féadfaidh siad roinnt suntasach ama a chaitheamh ag iarraidh é a bhaint amach, agus teip a mhothú mura n-éiríonn leo (Schmitz & Galbraith, 1985). B'fhéidir, áfach, go mbeidh gá ag daoine tréitheacha le cúnamh chun roghanna a chothromú idir na nithe ba chóir dóibh a leanúint le tiomantas mar sin agus ceistanna a bhaineann le féinchoincheap agus feidhmíocht.

Dul i Riosca a Sheachaint

Mar chuid de bheith ábalta déanamh go maith ar scoil, is minic is féidir le daoine óga tréitheacha fadhbanna féideartha a fheiceáil. B'fhéidir go mbeidh sé seo ina chúis le hiompraíochta ar riosca íseal, go háirithe má fheictear go bhfuil riosc teipe ann, nó riosca d'fhéinchoincheap duine. Féadfaidh tearcghnóthachtáil bheith ann mar thoradh, agus dóbartaíl dhúghabhálach freisin (Delisle, 1992; Webb, 1993). Luann Frey (1991) go bhfuil sé seo coitianta go háirithe ag tús na hógántachta mar thoradh ar bheith níos mó ar an eolas faoi na torthaí a bhaeineann le rioscaí a thógáil agus claontacht gan a roghnú ach na nithe a n-éireoidh leo iontu.

Féincháineadh Iomarcach

Tarlaíonn féincháineadh nuair a mheasann duine nach bhfuil a n-idéil de ghnóthachtáil á mbaint amach acu. Féadfaidh sé seo bheith ina chúis le dúlagar mar thoradh ar fhearg agus díomá leat féin (Genshaft, Greenbaum, & Borovsky, 1995; Webb, 1993). Tá sé seo nasctha le deacracht ag glacadh le cáineadh ó dhaoine eile (Delisle, 1992; Silverman, 1993). Toisc go bhfuil an barra ard go maith de ghnáth don duine tréitheach agus go mbíonn na deiseanna chun cumas a fhorbairt réasúnta teoranta, is dócha go mbeidh a leithéid de dhíomá agus frustrachas coitianta. Is féidir le treoirchomhairleoirí bheith cuiditheach anseo lena chinntiú go leagann scoláirí tréitheacha spriocanna réalaíocha síos dóibh féin agus iad a spreagadh chun na caighdeáin seo a bhaint amach.

Cláir do Leanaí Tréitheacha in Éirinn

Chruthaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath plan uailmhianach chun freastal ar scoláirí tréitheacha agus obair leo. Sa bhliain 1992 le cúnamh CTY ag Ollscoil Johns Hopkins tógadh Cuardach Tallainne isteach chun scoláirí ardchumais a aithint don chéad chlár samhraidh tréitheachta a ritheadh ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath á eagrú ag Lárionad na hÉireann don Óige Thréitheach (CTYI). Go dtí seo ghlac thart ar 45,000 de scoláirí na hÉireann idir 6 agus 17 bliana d'aois páirt i gCuardach Tallaine a eagrú ag CTYI chun scoláirí ardchumais a aithint. Scríobhtar litreacha chuig na scoileanna go léir sa tír chun iarraidh orthu scoláirí a aithint a fuair scór ag an 95ú peircintíl nó os a cionn ar thriail chaighdeánach. Go dtí 2012, ghlac suas le 70% de na sa tír páirt sa Chuardach Tallainne. I ndiaidh an chuairdaigh tallaine, iarrtar ar na scoláirí a cháilíonn freastal ar shearmanas bronnta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun aitheantas a thabhairt dá bhfuil bainte amach acu.

I measc na mbunatáití a taifeadh ón gCuardach Tallaine tá scoláirí ag fáil tuiscint níos fearr dá n-inniúlachtaí acadúla (Brody 1998) agus scoláirí a aithníodh trí chuardaigh tallaine ag tuairiciú súileachtaí oideachais agus gairme níos airde (Van Tassel-Baska, 1989; Wilder & Casserly, 1988). Léirigh Olszewski-Kubilius & Grant (1996) go bhfuil níos mó dochúlachta ann go mbeidh scoláirí a ghlacann páirt i gcuardaigh tallainne páirteach i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim acadúla agus gabháil do chúrsaí acadúla agus gairmeacha níos déine sa todhchaí.

Faoi láthair is é an t-aon clár foirmiúil do scoláirí tréitheacha in Éirinn Lárionad na hÉireann don Óige Thréitheach (CTYI). Cuireadh tús le CTYI in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1992, leis an haidhmeanna seo a leanas:

- Trí chuardaigh tallainne náisiúnta agus idirnáisiúnta, leanaí réamhcholáiste a aithint a dhéanann réasúnú iontach maith go matamaiticiúil agus/nó ó bhéal;
- Obair chúrsa dhúshlánach agus bhríomhar agus deiseanna oideachais a bhaineann leis a sholáthar do dhaoine óga tallannacha as Éirinn agus ó thíortha thar lear trí chlár samhraidh bliantúil, agus i ranganna ar an Satharn i rith na scoilbhliana;
- Oiliúint múinteoirí agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do scoileanna ag glacadh páirt sa chlár CTYI;
- Cuidiú le tuismitheoirí scoláirí tallannacha a chur chun cinn trí rochtain a sholáthar ar eolas agus acmhainní;
- Taighde agus meastóireacht a dhéanamhar fhorbairt tallainne agus ar éifeachtúlacht na múnlaí cláir agus soláthar curaclaim.

Mar chuid dá mhisean ritheann CTYI, www.dcu.ie/ctyi cúrsaí ar an Satharn do leanaí bunscóile ar ionaid éagsúla aer fud na tíre. De ghnáth baineann na cúrsaí seo le hábhair nach bhfuil ar an gcuraclam, rud a thugann deis do na scoláirí staidéar a dhéanamh ar thopaicí nach mbeidís ag gabháil dóibh de ghnáth ar scoil. Seo a leanas samplaí de na hábhair a mhúintear i ranganna Sathairn: Eolaíocht Fhóiréinseach, Zó-eolaíocht, Eolaíocht na Toghcháin, Innealtóireacht, Ríochchlárú, Iriseoireacht, Staidéar Dlí agus Síceolaíocht.

Luann Feldhusen agus Sokol (1982) roinnt de na príomhriachtanais chognaíocha ag scoláirí tallannacha a bpléann cláir an tSathairn leo. Ní mór don duine tréitheach iarracht a dhéanamh stór níos leithne a shealbhú d'eolas, modhanna nua taighde a fhoghlaim, agus féin-troe a chur san fhoghlaim. Tugann cláir an tSathairn an deis don duine óg tréitheach agus tallannach gabháil do staidéar domhain ar réimsí spéise, le curaclam is féidir a shainriú agus a luathú chun freastal ar riachtanais scoláirí. Ba chóir do chláir an tSathairn saibhreas eolais (**saibhriú**) a chur ar fáil ar luas tapa (**luathú**). Molann Feldhusen agus Ruckman (1988) gur chóir go ruthfeadh clár éifeachtach an tSathairn fo thréimse idir seacht agus dhá sheachtain déag, agus idir dhá agus trí uaire an chlog de theagasc in aghaidh na seachtaine. Tugann sé seo a dhóthain ama chun scrúdú mionsonrach a dhéanamh ar thopaic d'aon rannpháirtíocht shuntasach i dtionscadal. Creideann Feldhusen agus Wyman (1980) gur iontach an suíomh é campas coláiste nó ollscoile do chlár an tSathairn. Is suíomhanna den scoth iad léachtanna coláiste nó ollscoile do na ranganna agus b'fhéidir go dtabharfaidh an timpeallacht acadúil ghairmiúil spreagadh gairme don ógánach tallannach. Bíonn ranganna an tSathairn CTYI i mBaile Átha Cliath ar siúl ar champas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus bíonn na ranganna réigiúnacha ar siúl in institiúidí tríú leibhéal ar fud na tíre.

De ghnáth tugtar na cúrsaí in ábhair a bheadh á dtairiscint ag an tríú leibhéal agus múintear iad ag saineolaithe ábhair sa réimse ar leith. De ghnáth is iad na múinteoirí léachtóirí

páirtaimseartha nó mic léinn iarchéime in institiúid tríd leibhéal ina bhfuil an cúrsa. Ar an gcaoi seo bíonn rochtain ag scoláirí CTYI ar áiseanna agus múinteoirí tríd leibhéal a bhfuil eolas ar leith acu ina réimse spéise. De ghnáth, sa bhunscoil, bíonn múinteoir amháin ag na scoláirí seo do gach ábhar agus is beag deis a bhíonn acu, má bhíonn deis ar bith fiú, a gcuid eolais i réimsí acadúla ar leith a fhorbairt.

Rogha eile de chlár lasmuigh den scoil do scoláirí tréitheacha is ea clár samhraidh. Eagraíonn CTYI clár samhraidh chónaitheach trí seachtaine do scoláirí ardchumais ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath do scoláirí meánscoile. Áirítear i measc na samplaí de na hábhair i gcúrsaí samhraidh a nglacann scoláirí meánscoile páirt iontu Diagnóisic Bithleighis, Fisic Theoiriciúil, Coireolaíocht, Gnó Corparáideach, Síceolaíocht Shóisialta, Caidreamh Idirnáisiúnta agus Scríbhneoireacht don Saol. Tá tábhacht le héagsúlacht agus doimhne na n-ábhar a chuirtear ar fáil toisc, cé go mbíonn múinteoirí i réimsí éagsúla ábhair ag scoláir ag an dara leibhéal, is minic nach mbíonn an t-ábhar dúshlánach a dhóthain dóibh (féach Kulik, 2003; Moon, Feldhusen & Dillon, 1994; Vaughan, Feldhusen & Asher, 1991) nó i gcásanna áirithe d'fhéadfadh na scoláirí a bheith ar fheabhas in ábhar nach gcuirtear ar fáil sa mheánscoil (féach Benbow & Stanley, 1983; Olszewski-Kubilius & Lee, 2004; Olszewski-Kubilius, 1989).

Féadfaidh clár samhraidh do scoláirí tréitheacha bheith éagsúil ó thaibh faid nó fócais de ach bíonn roinnt comhpháirteanna coitianta ag formhór acu: curaclam luathaithe agus saibhrithe; foireann thiomanta; idirghníomhaíocht piaraí le daoine eile atá ar chomh-inniúlacht; agus timpeallacht thacúil (Olszewski-Kubilius, 2003). Deir Coleman & Cross (1988) go dtuairiscíonn roinnt leanaí ardchumais go mothaíonn siad éagsúil ó dhaoine eile mar sin má chuirtear ar chlár iad le daoine atá cosúil leo b'fhéidir go gcuirfead feabhas ar mhothúcháin na glacthachta. Fuair Enerson (1993) amach go bhféadfaidh clár samhraidh cuidiú le freastal ar riachtanais acadúla, sóisialta agus síceolaíochta scoláirí tréitheacha.

Sa bhliain 1993 d'eagraigh CTYI an chéad chlár samhraidh do leanaí tréitheacha meánscoile ag baint úsáid as scoláirí a aithníodh ón gCuardach Tallaine. Sa chéad bhliain den chlár d'fhreastal 133 de scoláirí na hÉireann. Tá an clár ina áis rathúil do scoláirí ardchumais agus leathnaíodh é chun scoláirí a áireamh sa bhliain 1997. Sa bhliain acadúil 2011-12 ghlac breis agus 5,000 scoláirí idir 6 agus 17 bliana d'aois páirt i gclár eagraithe ag CTYI.

Acmhainní eile

I mí Feabhra na bliana 2008 seoladh www.giftedkids.ie mar shuíomh gréasáin abhcóideachta agus tacaíochta do thuismitheoirí agus oideoirí de leanaí atá cumasach eisceachtúil agus leanaí atá eisceachtúil faoi dhó in Éirinn. Bhí sé uathúil toisc gurb é an chéad suíomh gréasáin chun freastal go gníomhach ar riachtanais na dtuismitheoirí agus na múinteoirí de leanaí tréitheacha ó thaobh na hÉireann de, Arna rith ag grúpa beag deonach de thuismitheoirí agus múinteoirí tacadóirí, faoi láthair feidhmíonn an suíomh mar theorir d'acmhainní ar líne agus tá raon ollmhór ar fáil aige do thuismitheoirí, múinteoirí agus leanaí. Ceann de na limistéir is gníomhaí ar an suíomh is ea an fóram pobail ar líne inar féidir le múinteoirí agus tuismitheoirí straitéisí a chomhroinnt, tacaíocht a thairiscint agus comhairle a lorg i dtimpeallacht atá sábháilte agus tacúil. Sa bhliain 2010, le tacaíocht ó Social Entrepreneurs Ireland, an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas agus Lárionad na hÉireann don Óige Thréitheach sheol an fhoireann Giftedkids sraith rathúil de sheimineáir gréasáin saor in aisce dírithe ar thuismitheoirí agus múinteoirí. Ó seoladh é tá fás tagatha ar Giftedkids i scóip agus aimsiú. Sa bhliain 2008 bhí iomlán de 29,309 cuairteoir ag

Giftedkids, ag féachaint ar 253,743 leathanach; faoi 2011 bhí sé seo ardaithe go dtí 183,348 cuairteoir ag féachaint ar 645,165 leathanach. Cé go bhfuil béim Éireannach ag Giftedkids, léiríonn a staitisticí gréasáin go bhfuil aimsiú domhanda aige le méadú ar líon na gcuariteoirí ó na Stáit Aontaithe.

Níos déanaí bunaíodh www.giftedireland.ie chun cuidiú le tuismitheoirí abhcóideacht a dhéanamh dá leanaí agus grúpaí tacaíochta áitiúla a bhunú chun cuidiú leo cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh. Is iad príomhaidhmeanna an ghrúpa seo cuidiú le tuismitheoirí tacaíocht agus comhairle a fháil ina bpobail áitiúla; guth láidir aontaithe abhcóideachta a fhorbairt ar son leanaí tréitheacha; cuidiú agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá páirteach i gcúram agus oideachas leanaí tréitheacha; agus feasacht a mhéadú ar riachtanais uathúla sóisialta, mothúchánacha agus acadúla leanaí agus aosach tréitheacha. D'éirigh go hiontach leis an ngrúpa seo grúpaí tacaíochta a bhunú do thuismitheoirí ar fud na tíre.

Bunaíodh an líonra Gifted and Talented Network Ireland in Eanáir 2011. Is í príomhspríoc an líonra ná líonra tacaíochta a bhunú do thuismitheoirí ar leanaí tréitheacha eisceachtúla/tréitheacha agus abhcóideacht a dhéanamh don aitheantas scoil-bhunaithe agus idirghabháil do leanaí tréitheacha. Cé go bhfuil GTNetwork ar fáil do thuismitheoirí agus múinteoirí, samhlaíodh sa fadtéarma go mb'fhéidir go lorgódh múinteoirí tacaíocht a bhaineann go sainiúil lena n-obair sa seomra ranga. Féadfaidh múinteoirí a bhfuil suim acu sa líonrú go sainiúil le múinteoirí eile clárú le www.teachireland.org

Le cúpla bliain anuas eagraíodh Seachtain Feasachta Oideachais Tréitheachta. San ócáid seo seoltar bileoga eolais agus póstaear chuig scoileanna d'fhonn feasacht a mhéadú i measc múinteoirí bunscoile agus meánscoile, faoi riachtanais oideachais leanaí tréitheacha agus imeachtaí abhcóideachta a eagrú sa tréimhse seo do pháirtithe leasmhara.

Achoimre ar na príomhphointí a rinneadh

- Is féidir trialacha caighdeánacha a úsáid chun scoláirí tréitheacha a aithint. Sa chás seo de ghnáth beidh scoláirí tréitheacha ag feidhmiú ag dhá dhiall caighdeánach os cionn Mheán na dtrialacha seo, rud a chuirfeadh iad ag an 95ú peircintíl nó os a chionn. Tá sé tábhachtach a mheabhrú go mbainfidh formhór na scoláirí tréitheacha an leibhéal seo amach i réimse ábhair ar leith agus b'fhéidir nach mbeidh siad ag feidhmiú sa raon tréitheach i ngach ábhar.
- Is féidir scoláirí tréitheacha a aithint trí inniúlacht acadúil ghinearálta nó i réimsí spéise sainiúla.
- Más rud é nach n-úsáidtear ach trialacha caighdeánacha chun scoláirí tréitheacha a aithint, féadfar tearcionadaíocht a bheith ann de scoláirí ardhchumais ó chúlraí socheacnamaíochta níos ísle, Sna cásanna seo féadfar ainmniúchán múinteora nó spéis scoláire san ábhar a úsáid chun tacú le hainmniú scoláire do chlár tréitheachta.
- Ba chóir deiseanna a thabhairt do scoláirí tréitheacha i réimsí a bhfuil spéis acu iontu seachas cur chuige go n-oireann aon tomhas amháin do chách. Níl aon tairbhe ann do scoláire atá talannach ó bhéal ranganna breise saibhrithe a fháil sa mhatamaic, nó vice versa.
- Ní mór an curaclam a idirdhealú do scoláirí tréitheacha chun cur ar a gcumas tusicint níos doimhne a fháil ar an ábhar. Ba chóir iad a spreagadh chun ceisteanna a chur faoina dtuiscint féin as ábhair ar bhealach níos anailísí seachas freagraí réamhullmhaithe a fhoghlaim.

- Má thugtar tionscadal breise do scoláire tréitheach le cur i gcrích chun dúshlán níos mó a thabhairt dóibh, ansin ní mór am a thabhairt dóibh chun é a chur i gcrích agus ba chóir go léifeadh saineolaithe ábhair a saothar chun aiseoals cuí a thabhairt dóibh.
- Ba chóir scoláirí tréitheacha a spreagadh le hirratas a dhéanamh ar chúrsaí ollscoile a bhfuil suim acu iontu, seachas iad a bhrú chuig roghanna ar phointí arda.
- Áiseanna úsáideacha do leanaí tréitheacha is ea comórtais sheach-churaclaim i réimsí amhail eolaíocht, innealtóireacht, teicneolaíocht nó scríbhneoireacht.
- Éiríonn níos fearr le scoláirí tréitheacha nuair a fhaigheann siad an deis obair le scoláirí eile ar chomhinniúlacht.
- Féadfaidh scoláirí tréitheacha deacrachtaí a bheith acu le piaraí neamhtréitheacha muar mbíonn na spéiseanna céanna acu.
- Ba chóir scoláirí tréitheacha a spreagadh chun rioscaí a ghlacadh lena n-obair chun dul níos doimhne isteach i dtopaicí. Sna cásanna seo ba chóir a rá go soiléir leo nach gcuirfidh sé seo isteach ar a ngrád toisc gur minic a bhíonn drogall ar roinnt scoláirí rioscaí a ghlacadh, ar eaglas na teipe.
- Cé go mbíonn scoláirí tréitheacha níos faide chun cinn ná a bpiaraí ó thaobh na hacadúlachta de, beidh neart acu nach mbeidh chomh mór sin chun cinn ó thaobh na sóisialtachta de agus ba chóir deiseanna a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh in imeachtaí le leanaí ar chomhaois leo.

Conclúid

San alt seo tugtar cur síos ar roinnt de na príomhréimsí a bhaineann le leanaí tréitheacha agus treoirchomhairleoireacht. Tá sé tábhachtach do threoirchomhairleoirí a bheth ar an eolas faoi roinnt de na fadhbanna a bhíonn ag leanaí tréitheacha laistigh den scoil nó lasmuigh de. Is é an gearán is mó a bhíonn ag scoláirí tréitheacha i dtaca leis an treoirchomhairleoireacht ná gur minic a spreagtar iad díriú ar chúrsaí le pointí arda nó cúrsaí a bhfuil stádas nó clú ar leith acu seachas cúrsaí a d'fhéadfadh a bheith níos spéisiúla dóibh (O'Reilly, 2010). Na fadhbanna a bhíonn ag roinnt leanaí tréitheacha ar scoil i dtaca le deacracht le gaolta le piaraí, foirfeachtas nó íogaireacht mhéadaithe, bréagnaíonn siad an miotas gur féidir le scoláirí tréitheacha a bhfadhbanna féin a réiteach agus nach bhfuil aon treoir de dhíth orthu ar leibhéal ar bith. Tá sé tábhachtach go dtuigfidh scoláirí tréitheacha go bhfuil áit dóibh laistigh den chóras scoile atá ann cheana agus go bhfuil cláir lasmuigh den scoil gur féidir leo freastal orthu chun a spéiseanna a chur chun cinn. An rud is tábhachtaí, ní mór do scoláirí tréitheacha a thuiscint gur grúpa speisialta iad ina gceart féin agus go bhfaighidh siad treoirchomhairleoireacht agus tacaíocht i dtaca lena n-inniúlacht chun ligean dóibh barr a gcumais a bhaint amach.

Tagairtí

Benbow, C.P. & Stanley, J.C. (1983). Inequity in equity. How “equity” can lead to inequity for high potential students. *Psychology, Public Policy and Law* 2, 249-292

Brody, L.E. (1998). The talent searches: A catalyst for change in higher education. *Journal of Secondary Gifted Education*, 9, (3), 124-133.

Carroll, J.B. (1993). *Human cognitive abilities: A survey of factor analysis studies*. Cambridge: Cambridge University Press

Clark, B. (1988). *Growing up gifted*. Columbus, OH: Charles E. Merrill.

Colangelo, N. (2002). Counseling gifted and talented students. *The National Research Center on the Gifted and Talented Newsletter*. Retrieved from <http://www.gifted.uconn.edu/nrcgt/reports/rm02150/rm02150.pdf>

Colangelo, N., Kerr, B. A., Christensen, P., & Maxey, J. (1993). A comparison of gifted underachievers and gifted high achievers. *Gifted Child Quarterly*, 37, 155-160.

Coleman, L.J. & Cross, T.L. (1988). Is being gifted a social handicap? *Journal for the Education of the Gifted*, 4, 41-56.

Coleman, L. J. & Cross, T. L. (2001). *Being gifted in school: An introduction to development, guidance, and teaching*. Waco, TX: Prufrock Press, Inc.

Cottrell, S., & Shaughnessy, M.F. (2005). An interview with Dr. Edmund R. Amend: About the emotional needs of gifted kids. *Supporting the Emotional Needs of the Gifted*. Retrieved from http://www.senggifted.org/articles_index.shtml.

Cosgrove, J., Shiel, G., Sofroniou, N., Zastrutzki, S., & Shortt, F. (2005). *Education for life: The achievements of 15-year-olds in Ireland in the second cycle of PISA*. Dublin: Educational Research Centre.

Cosgrove, J., Perkins, R., Moran, G., & Shiel, G. (2011). *PISA 2009: Results for Ireland and changes since 2000*. Dublin: Educational Research Centre.

Cross, T. L. (2004). *On the social and emotional lives of gifted children: Issues and factors in their psychological development* Waco, TX: Prufrock Press.

Delisle, J. R. (1992). *Guiding the social and emotional development of gifted youth: A practical guide for educators and counselors*. New York: Longman.

Enerson, D.L. (1993). Summer residential programs: academics and beyond. *Gifted*

Child Quarterly, 37 (4), 169-176.

Feldhusen, J.F. (1991). Saturday and summer programs. In N. Colangelo & G.A. Davis (Eds.) *Handbook of gifted education* (pp. 197-208). Boston, MA: Allyn & Bacon.

Feldhusen, J.F., & Ruckman, D.R. (1988). A guide to the development of Saturday programs for gifted and talented youth. *Gifted Child Today*, 11 (5), 56-61.

Feldhusen, J.F., & Sokol, L. (1982). Extra programming to meet the needs of gifted youth: Super Saturday. *Gifted Child Quarterly*, 26 (2), 51-56.

Feldhusen, J.F., & Wyman, A.R. (1980). Super Saturday: Design and implementation of Purdue's special program for gifted children. *Gifted Child Quarterly*, 24 (1), 15-21.

Frey, D. E. (1991). Psychosocial needs of the gifted adolescent. In M. Bireley & J. Genshaft (Eds.). *The gifted adolescent: Educational, developmental, and multicultural issues*. (pp. 35-49). New York: Teachers College Press.

Gardner, H. (1983). *Frames of Mind*. New York: Free Press.

Gardner, H. (1999). *Intelligence reframed: Multiple Intelligences in the 21st century*. New York: Basic Books.

Genshaft, J. L., Greenbaum, S., & Borovsky, S. (1995). Stress and the gifted. In J. L. Genshaft, M. Bireley, & C. L. Hollinger (Eds.), *Serving gifted and talented students: a resource for school personnel* (pp. 257-268). Austin, TX: Pro-Ed.

Jensen, A. R. (1998). *The g factor: the science of mental ability*. Westport, CT: Praeger.

<http://web.ebscohost.com/ehost/detail?vid=3&hid=107&sid=5911cddb-4502-49c8-9ead-e67e0853dd8c%40sessionmgr109 - bib5up#bib5up> Kulik, J.A. (2003) *Grouping and Tracking*. In N. Colangelo and G. Davis (Eds.) *The handbook of gifted education* (3rd ed.; pp. 268-281) Boston: Allyn & Bacon.

Lovecky, D. V. (1993). The quest for meaning. Counseling issues with gifted children and adolescents. In L. K. Silverman (Ed.), *Counseling the gifted and talented* (pp. 29-50). Denver, CO: Love Publishing Company.

Maxwell, E. (1995). The changing developmental needs of the gifted: Birth to maturity. In J. L. Genshaft, M. Bireley, & C. L. Hollinger, C. L. (Eds.), *Serving gifted and talented students: A resource for school personnel* (pp. 17-30). Austin, TX.

Moon, S.M. (1995). The effects of an enrichment program on the families of

participants: A multiple case study. *Gifted Child Quarterly*, 39, 198-208.

Moon, S.M., Feldhusen, J.F. & Dillon, D.R. (1994). Long term effects of an enrichment program based on the Purdue Three Stage Model. *Gifted Child Quarterly*, 38 (1) 38-48.

NCCA (2007). *Exceptionally able students: Draft Guidelines for Teachers*. Dublin: NCCA publications.

NCCA (2008). *Exceptionally able students: Draft Guidelines for Teachers. Draft Report on the Consultation*. Dublin: NCCA publications.

Neihart, M., Reis, S. M., Robinson, N. M., Moon, S. M. (Eds.). (2002). *The social and emotional development of gifted children: What do we know?*. Waco, TX: Prufrock Press, Inc.

OECD. (2001). *Knowledge and skills for life: First results of PISA 2000*. Paris: Author.

OECD. (2004). *Learning for tomorrow's world: First results from PISA 2003*. Paris: Author.

OECD. (2012). *Learning for Life: Results in Focus*. Paris: Author.

Olszewski-Kubilius, P. (1989). Development of academic talent: The role of summer programmes. In J.L. Van Tassel-Baska & P. Olszewski-Kubilius, (Eds.). *Patterns of influence on gifted learners. The home, the self and the school* (pp. 421-430). New York & London: Teachers' College Press.

Olszewski-Kubilius, P. (2003). *Special summer and Saturday programs for gifted students* <http://web.ebscohost.com/ehost/detail?vid=3&hid=107&sid=5911cdbb-4502-49c8-9ead-e67e0853dd8c%40sessionmgr109 - bib5up#bib5up>. In N. Colangelo and G. Davis (Eds.) *The handbook of gifted education (3rd ed.; pp. 163-173)* Boston: Allyn & Bacon.

Olszewski-Kubilius, P. & Grant, B. (1996). *Academically talented females in mathematics: The role of special programs and support from others in acceleration, achievement and aspiration*. In K.D. Noble and R.F. Subotnik (Eds) *Remarkable Women: Perspectives on female talent development* (pp. 281-291) Cresskill, NY: Hampton Press.

O'Reilly, C (2010). *In Search Of Excellence: Perceived effects of special classes for gifted students in Ireland from the perspective of the students and their parents*. Doctor of Education thesis, Dublin City University.

Peterson, J. S. (2003). An argument for proactive attention to affective concerns of gifted adolescents. *The Journal of Secondary Gifted Education*, 14(2), 62-71.

Peterson, J. S. (2011). The counseling relationship. In T. R. Cross & J. R. Cross (Eds.), *Handbook for counselors serving students with gifts and talents: Development, relationships, school issues, and counseling needs/interventions* (pp. 443-459). Waco, TX: Prufrock Press.

Peterson, J. S., & Colangelo, N. (1996). Gifted achievers and underachievers: A comparison of patterns found in school files. *Journal of Counseling and Development*, 74, 399-407.

Piechowski, M. M. (1997). Emotional giftedness: An expanded view. *APEX: The New Zealand Journal of Gifted Education*, 10, 37-47.

Reis, S. (1998). Underachieving for some: Dropping out with dignity for others. *Communicator* 29(1), 19-24.

Rimm, S. B. (1997). Underachievement syndrome: A national epidemic. In N. Colangelo & G. A. Davis (Eds.), *Handbook of gifted education* (2nd ed., pp. 416-434). Needham Heights, MA: Allyn and Bacon.

Rysiew, K.J., Shore, B. M., & Leeb, R. T. (1998). Multipotentiality, giftedness, and career choices: A review. *Journal of Counseling & Development*, 77, 423-430.

Schuler, P. (2002). Perfectionism in gifted children and adolescents. In N. M. Neihart, S. M. Reis, N. M. Robinson, & S. M. Moon (Eds.), *The social and emotional development of gifted children: What do we know?* (3rd ed., pp. 71-79). Waco, TX: Prufrock Press.

Schmitz, C.C., & Galbraith, J. (1985). *Managing the social and emotional needs of the gifted: A teacher's survival guide*. Minneapolis, MN: Free Spirit.

Siegle, D., & McCoach, D. B. (2002). Promoting a positive achievement attitude with gifted and talented students. In M. Neihart, S. M. Reis, N. M. Robinson, & S. Moon (Eds.), *The social and emotional development of gifted children: What do we know?* (pp. 237-249). Waco, TX: Prufrock.

Silverman, L.K. (1993). *Counseling the gifted and talented*. Denver, CO: Love Publishing Company.

Silverman, L. K. (2002). *Upside-Down Brilliance: The Visual-Spatial Learner*. Denver: DeLeon.

Spearman, C (1904). "General intelligence", objectively determined and measured. *American Journal of Psychology*, 15, 201-293.

Stanley, J.C. (1979). Identifying and nurturing the intellectually gifted. In W.C. George, S.J. Cohn, J.C. Stanley (Eds.), *Educating the gifted: Acceleration and enrichment* (pp. 172-180) Baltimore, MD: The Johns Hopkins University Press.

Sternberg, R.J. (1985). *Beyond IQ*. New York: Cambridge University Press.

Thompson, K., & Ramsey, I. (1987). *Gifted teacher perceptions of gifted students and teachers of the gifted*. Unpublished report.

Van Tassel-Baska, J. (1989). Profiles of precocity: A three year study of talented adolescents. In J.L. Van Tassel-Baska & P. Olszewski-Kubilius, (Eds.). *Patterns of influence on gifted learners. The home, the self and the school* (pp. 29-39). New York & London: Teachers' College Press.

VanTassel-Baska, J. (1998). Counseling gifted learners. In J. VanTassel-Baska (Ed.), *Excellence in educating gifted and talented learners* (3rd ed., pp. 489-509). Denver, CO: Love Publishing Company.

Van Tassel-Baska, J. (2003). What Matters in Curriculum for Gifted Learners: Reflections on Theory, Research and Practice. In N. Colangelo and G. Davis (Eds.) *The handbook of gifted education* (3rd ed.; pp. 174-183). Boston: Allyn & Bacon.

Vaughan, V.L., Feldhusen, J.F., & Asher, J.W. (1991). Meta-analyses and review of research on pull out programs in gifted education. *Gifted Child Quarterly*, 35, 92-105.

Webb, J. T. (1993). Nurturing Social-Emotional Development of Gifted Children. In K. A. Heller, F. J. Monks, & A. H. Passow (Eds.), *International handbook of research and development of giftedness and talent* (pp. 525-538). Oxford: Pergamon Press.

Wilder, G & Casserly, P.L. (1988). *Survey 1: Young Sat takers and their parents..* New York: College Board Report.